Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 25 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10621/19**

**CONOP 66**
**CODUN 14**
**CFSP/PESC 514**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an gcosc ar mhianaigh fhrithphearsanra a threisiú i bhfianaise an 4ú Comhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún maidir le Mianaigh Fhrithphearsanra a reáchtálfar ón 25-29 Samhain 2019 in Osló<br>- Conclúidí ón gComhairle (25 Meitheamh 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an gcosc ar mhianaigh fhrithphearsanra a threisiú i bhfianaise an 4ú Comhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún maidir le Mianaigh Fhrithphearsanra a reáchtálfar ón 25-29 Samhain 2019 in Osló, a ghlac an Chomhairle ag an 3703ú cruinniú a bhí aici ar an 25 Meitheamh 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE SEASAMH AN AONTAIS EORPAIGH I dTACA LEIS AN gCOSC AR MHIANAIGH FHRITHPHEARSANRA A THREISIÚ I bhFIANAISE AN 4ú COMHDHÁIL ATHBHREITHNITHE AR AN gCOINBHINSIÚN MAIDIR LE MIANAIGH FHRITHPHEARSANRA A REÁCHTÁLFAR ÓN 25-29 SAMHAIN 2019 IN OSLÓ**

1. Tá an tAontas Eorpach ar aon fhocal go huile agus go hiomlán maidir le cosc uilíoch ar mhianaigh fhrithphearsanra. Iarrann an tAontas Eorpach ar na gníomhaithe uile staonadh ó mhianaigh fhrithphearsanra a tháirgeadh, a stoc-charnadh, a thrádáil agus a aistriú, agus cáineann sé go láidir a n-úsáid in aon áit, ag aon am agus ag aon ghníomhaí, bíodh sé ina ghníomhaí Stáit nó neamhstáit. Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh den tuairim gur ionstraim dí-armála ríthábhachtach an Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú (dá ngairtear anseo feasta "an Coinbhinsiún") agus nach mór a ráthú go gcuirfear chun feidhme ina iomláine é agus go gcuirfear i bhfeidhm go docht é agus caithfear deimhin a dhéanamh de go gcloífear leis go huilechoiteann. Tathantaíonn an tAontas ar na Stáit, nach páirtithe sa Choinbhinsiún fós iad, a bheith páirteach ann gan mhoill nó, mar chéim eatramhach, cloí le noirm an Choinbhinsiúin.

2. Anois agus fiche bliain caite ó tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm, measann an Chomhairle gur éirigh thar cionn leis ó thaobh na taidhleoireachta dí-armála de agus gur eiseamláir é de bhunluachanna an Aontais, eadhon ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha agus atá fréamhaithe in urraim do chearta an duine agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta. Leis an gCoinbhinsiún, cuirtear norm domhanda láidir chun cinn agus, i gcás mianaigh fhrithphearsanra stoc-charntha a dhíothú agus talamh mianachthruaillithe a imréiteach, lena n-áirítear foráil an Choinbhinsiúin go gcuirfidh gach Stát is Páirtí cúnamh ábhartha ar fáil d'íospartaigh mianach, más acmhainn dó sin a dhéanamh, agus gur cheart an fhoráil sin a chomhtháthú i mbeartais, pleananna agus creataí dlíthiúla náisiúnta níos leithne, baineadh torthaí maithe amach. Bhí tionchar dearfach nach beag, ar tionchar é atá intomhaiste, ag an gCoinbhinsiún ar an gcosaint dhaonnúil, ar an gcobhsaíocht, ar an bhforbairt agus ar an dí-armáil ar fud an domhain, rud a thacaíonn leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.

3. Aithníonn an Chomhairle nár baineadh amach cuspóirí an Choinbhinsiúin ina n-iomláine fós. I ngeall ar an truailliú de thoradh mianaigh fhrithphearsanra, leantar de dhíobháil a dhéanamh, scéin a chur i ndaoine, rochtain a dhiúltú, srian a chur ar an bhforbairt shocheacnamaíoch, agus cosc a chur ar dhídeanaithe agus daoine easáitithe ina dtír féin filleadh abhaile. Is trom an t-ualach a chuirtear ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh, ar phobail, ar réigiúin agus ar Stáit de bhíthin mianaigh fhrithphearsanra agus fuílligh phléascacha chogaidh agus níor cheart glacadh leis. Is ábhar imní don Chomhairle tionchar leanúnach an truaillithe atá ann cheana agus an truaillithe nua ar mhórscála de thoradh mianaigh fhrithphearsanra seiftithe i dtíortha amhail an Iaráic, an Libia agus an tSiria.

4. Meabhraítear don Chomhairle gur mórdheontóirí iad an tAontas Eorpach gona Bhallstáit maidir le cúnamh don chomhrac i gcoinne mianach ar fud an domhain, rud a thacaíonn le mianaigh a imréiteach, oideachas maidir le rioscaí mianach talún, cúnamh d'íospartaigh, mianaigh fhrithphearsanra stoc-charntha a dhíothú, cur le fothú acmhainneachta agus le taighde agus forbairt a dhéanamh ar an teicneolaíocht maidir le mianaigh a bhrath agus a imréiteach. Ó bhí an Chomhdháil Athbhreithnithe is déanaí i dtaca leis an gCoinbhinsiún ann in 2014, tá breis agus EUR500 milliún geallta ag an Aontas gona Bhallstáit mar chúnamh don chomhrac i gcoinne mianach i níos mó ná 30 tír a ndéanann mianaigh difear dóibh.

5. Meabhraítear don Chomhairle an cúnamh a tugadh d'Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin faoi Chinneadh 2017/1428/CBES ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an gCoinbhinsiún agus le Plean Gníomhaíochta Mhapútó a chur ar bhonn níos uilíche agus a chur chun feidhme agus, ina theannta sin, Cinneadh 2012/700/CBES ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun tacú le Plean Gníomhaíochta Cartagena a chur chun feidhme. Leis an gCinneadh sin, cuireadh ar chumas an Aonaid Tacaíochta Cur Chun Feidhme cabhrú le tíortha a ndéanann mianaigh difear dóibh straitéisí náisiúnta maidir leis an gcomhrac i gcoinne mianach a chur ar bun nó a nuashonrú, i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe, mar aon le deontóirí agus geallsealbhóirí eile.

6. Cuireann an Chomhairle in iúl gur mór aici an cúnamh a thug an iliomad comhpháirtithe agus geallsealbhóirí chun an Coinbhinsiún a fhorbairt agus chun a áirithiú gur éirigh go maith leis le fiche bliain anuas, lena n-áirítear na Stáit is Páirtithe agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta uile, an tsochaí shibhialta, taighdeoirí, agus gach deontóir agus oibreoir maidir leis an gcomhrac i gcoinne mianach. I bhfianaise an mhéid sin, aithníonn an Chomhairle, as measc eagraíochtaí eile, an obair mhór atá déanta ag Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg agus ag an bhFeachtas Idirnáisiúnta chun mianaigh talún a chosc. Ba mhaith leis an gComhairle urraim a thabhairt, go háirithe, do mhisneach agus tiomantas dímhianadóirí ar fud an domhain atá ag obair chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh rochtain athuair ar thalamh agus go mbeidh an talamh sin sábháilte arís; lena chois sin, ba mhaith leis an gComhairle na daoine a cailleadh, agus an obair uasal seo á déanamh acu, a choimeád i gcuimhne. Tréaslaíonn an Chomhairle le hAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin as an obair sheasmhach fhíorluachmhar a dhéanann sé. Ar deireadh, cuireann an Chomhairle i bhfios an chomhpháirtíocht láidir agus an comhar den chéad scoth atá idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach ó thaobh an chomhraic i gcoinne mianach.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle an Ceathrú Comhdháil Athbhreithnithe i dtaca leis an gCoinbhinsiún a bheidh ar siúl in Osló ón 25-29 Samhain 2019, agus tá sí den tuairim go bhféadfar gealltanais a athbhreithniú, a chur chun cinn, agus a athdhearbhú agus, ina theannta sin, go bhféadfar tacú a thuilleadh leis an gCoinbhinsiún a chur ar bhonn níos uilíche agus a chur chun feidhme a neartú. Measann an Chomhairle gur cheart don Chomhdháil Athbhreithnithe a thathant ar na Stáit is Páirtithe páirt a ghlacadh in idirphlé oscailte cuiditheach agus deis a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha uile na dúshláin atá ann i láthair na huaire agus a bheidh ann amach anseo a phlé agus dlús a chur leis an dul chun cinn atá déanta chun an sprioc chomhpháirteach domhan atá saor ó mhianaigh frithphearsanra a bhaint amach faoi 2025. Is díol sásaimh don Chomhairle an togra ó Uachtaránacht na hIorua dul i mbun oibre ar thrí dhoiciméad toraidh comhdhearcaidh: athbhreithniú ar fheidhmiú agus stádas an Choinbhinsiúin, plean gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme agus cur ar bhonn níos uilíche amach anseo (Plean Gníomhaíochta Osló) agus dearbhú polaitiúil (Dearbhú Osló).

8. Tá míniú níos iomláine ar spriocanna an Aontais Eorpaigh i ndáil le toradh na Comhdhála Athbhreithnithe sa pháipéar seasaimh atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis seo.

**IARSCRÍBHINN I**

**PÁIPÉAR SEASAIMH AN AONTAIS EORPAIGH DON CHEATHRÚ COMHDHÁIL ATHBHREITHNITHE I dTACA LEIS AN gCOINBHINSIÚN MAIDIR LE TOIRMEASC AR ÚSÁID, STOC-CHARNADH, TÁIRGEADH AGUS AISTRIÚ MIANACH FRITHPHEARSANRA AGUS MAIDIR LENA nDÍOTHÚ ÓN 25-29 SAMHAIN 2019 IN OSLÓ**

Oibreoidh an tAontas Eorpach ar bhealach cuiditheach chun go mbeidh comhdhearcadh rathúil ann i dtaca le toradh na Comhdhála Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún maidir le Mianaigh Fhrithphearsanra agus, ar an dóigh sin, díreoidh sé ar na heilimintí seo a leanas a áireamh sna trí dhoiciméad toraidh comhdhearcaidh atá beartaithe: (1) an t-athbhreithniú ar fheidhmiú agus stádas an Choinbhinsiúin, (2) an dearbhú polaitiúil agus (3) an plean gníomhaíochta.

1. Maidir leis an **athbhreithniú ar fheidhmiú agus stádas an Choinbhinsiúin**:

i. Déanfar tréaniarracht athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar stádas cur chun feidhme oibleagáidí an Choinbhinsiúin ó bhí an Tríú Comhdháil Athbhreithnithe ann in 2014, ag tógáil ar obair ullmhúcháin choistí an Choinbhinsiúin agus, ar an dóigh sin, ag tréaslú leis na Stáit is Páirtithe a bhfuil a n-oibleagáidí comhlíonta acu ó bhí an Chomhdháil Athbhreithnithe is déanaí ann agus ag iarraidh ar na Stáit is Páirtithe a n-oibleagáidí a urramú agus leanúint den obair chun domhan atá saor ó mhianaigh a bhaint amach;

ii. Sainaithneofar na dúshláin i dtaobh cur chun feidhme ar éirigh leis na Stáit is Páirtithe dul i ngleic leo;

iii. Déanfar athbhreithniú ar shásra cur chun feidhme an Choinbhinsiún agus, i gcás inar gá, tacófar le hiarrachtaí agus moltaí chun an sásra sin a fheabhsú má tá sé sin éifeachtúil agus i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún;

iv. Fáilteofar roimh Stáit is Páirtithe nua;

v. Tréaslófar le coistí an Choinbhinsiúin agus leis an Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme as an obair atá déanta acu;

vi. Iarrfar iarrachtaí chun cistiú nua don chomhrac i gcoinne mianach a chothú agus a chur ar fáil, lena n-áirítear trí mhaoiniú nuálaíoch;

vii. Iarrfar ar na Stáit is Páirtithe atá i riaráiste ranníocaíochtaí measúnaithe don Choinbhinsiún é sin a chur ina cheart, á chur i dtreis nach mór gealltanas airgeadais a chur le haon ghealltanas polaitiúil don Choinbhinsiún agus iarrfar ar na Stáit is páirtithe a bhfuil sé ar a gcumas é sin a dhéanamh chun ranníocaíochtaí a thabhairt d'Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin;

viii. Iarrfar ar na Stáit is Páirtithe a gcuid oibleagáidí tuairiscithe faoi Airteagal 7 a chomhlíonadh.

2. Maidir le **Dearbhú Polaitiúil Osló:**

i. Tabharfar gealltanas d'ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha, atá fréamhaithe in urraim don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus tacófar le hidirphlé iltaobhach leanúnach maidir le dí-armáil;

ii. Athdhaingneofar uaillmhian agus aidhm an Dearbhaithe ón Tríú Comhdháil Athbhreithnithe i Mapútó chun an sprioc a bhaint amach mar atá domhan a bheadh saor ó mhianaigh agus íospartaigh nua mianach, a mhéad agus is féidir, faoi 2015;

iii. Tabharfar gealltanas an Coinbhinsiún agus Plean Gníomhaíochta Osló a chur chun feidhme agus cuirfear i dtreis a thábhachtaí atá comhlíonadh iomlán;

iv. Cuirfear i dtreis leis na gníomhaithe imréitigh mianach uile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí;

v. Beifear tiomanta don norm i gcoinne mianach frithphearsanra ('nach n-úsáidfear go deo mianach frithphearsanra in imthosca ar bith');

vi. Daingneofar gur faoi oibleagáidí an Choinbhinsiúin a thagann gairis phléascacha sheiftithe (IEDanna) a luíonn le sainmhíniú mianach fhrithphearsanra an Choinbhinsiúin.

vii. Cuirfear i dtreis gur féidir forbairt shocheacnamaíoch agus cothú síochána a theacht as an gcomhrac i gcoinne mianach;

viii. Beifear tiomanta d'aird a thabhairt don inscne agus gach gné den chomhrac i gcoinne mianach á chur i gcrích.

3. Maidir le **Plean Gníomhaíochta Osló**:

i. Tabharfar aghaidh ar gach gné de chur chun feidhme an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear uilíochas, stoc-chairn a dhíothú, imréiteach mianach, cúnamh d'íospartaigh, comhar agus cúnamh, bearta cur chun feidhme náisiúnta, trédhearcacht agus tuairisciú;

ii. Cuirfear i dtreis go gcabhraíonn an comhrac i gcoinne mianach le hiarrachtaí slándála agus daonnúla, cobhsú agus forbairt shocheacnamaíoch, chomh maith le dídeanaithe a thabhairt ar ais agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na mianach;

iii. Fáilteofar roimh straitéis nua na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac i gcoinne mianach agus tógfar ceann de Chlár Oibre Ardrúnaí na NA um Dhí-armáil sa chomhthéacs seo;

iv. Ba cheart do na Stáit is Páirtithe a bheith tiomanta as an nua d'úsáid a bhaint as sineirgí le hionstraimí ábhartha eile den dlí idirnáisiúnta daonnúil agus den dlí um chearta an duine, lena n-áirítear an Coinbhinsiún ar Chearta daoine atá faoi Mhíchumas, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

v. Daingneofar go gcaithfear mianaigh fhrithphearsanra de chineál seiftithe a imréiteach tríd an gcomhrac i gcoinne mianach i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá ann cheana;

vi. Roghanna is féidir a bhaint amach chun dul i ngleic leis na dúshláin seo a leanas:
   - an méadú ar an úsáid a bhaintear as mianaigh fhrithphearsanra de chineál seiftithe agus an chaoi a dtugtar aghaidh orthu trí bhíthin comhrac daonnúil i gcoinne mianach: *inter alia*, imréiteach mianach, na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana a chomhlíonadh maidir le suíomh, cineál agus cainníocht an truaillithe, maidir le tacaíocht ábhartha d'íospartaigh i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún, mar aon le gníomhaíochtaí i dtaobh laghdú riosca mianach agus oideachas faoi rioscaí mianach;
   - na dúshláin shonracha maidir le modhanna agus teicneolaíochtaí sa chomhrac i gcoinne mianach i dtimpeallachtaí uirbeacha, i gcomhréir le caighdeáin reatha;
   - an riosca go ligfear i ndearmad a mbaineann le truailliú stairiúil/atá ann le hoidhreacht;
   - páirt a ghlacadh i réimsí eile chun an cúnamh d'íospartaigh a chomhtháthú le beartais agus cláir sláinte náisiúnta eile.

vii. Na prionsabail seo leanas a chur i bhfeidhm:

- Gealltanas ó na Stáit is Páirtithe go léir a chur chun cinn maidir lena gcuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme go hiomlán agus a chomhlánú;
- Trédhearcacht;
- Cuntasacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht;
- Cuimsitheacht: rannchuidiú na ngeallsealbhóirí uile;
- Freagracht náisiúnta agus áitiúil;
- Aird a thabhairt ar inscne agus cumhachtú na hóige agus na mban trí ghníomhaíochtaí iomchuí;
- Neamh-idirdhealú, lena n-áirítear cur chuige cuimsitheach agus comhtháite maidir le cúnamh d'íospartaigh.

viii. Dea-chleachtais a chur chun cinn amhail:

- Plean tabhairt chun críche ag tíortha atá buailte trí bhíthin straitéisí náisiúnta don chomhrac i gcoinne mianach;
- Comhréireacht na téarmeolaíochta agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcomhrac daonnúil i gcoinne mianach leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta sa Chomhrac i gcoinne Mianach (CICM);
- Comhréireacht na téarmeolaíochta agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne mianach i gcomhthéacs neamh-dhaonnúil le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail Caighdeáin Diúscairte Gaireas Pléascach Seiftithe NA;
- Comhar agus idirphlé níos fearr idir deontóirí agus tíortha atá buailte agus comhordú deontóirí arna dtacú ag formáid an chur chuige saincheaptha agus comhpháirtíochtaí ar mhaithe lena thabhairt chun críche.
- Feabhas ar chomhordú deontóirí arna thacú ag formáidí idirphlé amhail an Grúpa Tacaíochta don Chomhrac i gcoinne Mianach, Cruinnithe Stiúrthóirí NA don Chomhrac i gcoinne Mianach, agus formáidí *ad hoc* lena bhfuil baint ag na Stáit is deontóirí, an tAontas Eorpach, ECAT, NA agus eagraíochtaí réigiúnacha agus iltaobhacha eile.

ix. Aird a tharraing ar éifeachtaí iolraitheora agus catalaíoch an chomhraic i gcoinne mianach agus comhlíonadh an Choinbhinsiúin mar a leanas:

- tacú le hiarrachtaí lasmuigh den Choinbhinsiún atá dírithe ar athmhuintearas agus tógáil muiníne idir sean naimhde;
- tacú le hiarrachtaí níos leithne a bhfuil sé mar aidhm leo daoine easáitithe a thabhairt ar ais;
- tacú leis an gcur chuige comhtháite ag grúpaí imeallaithe agus aghaidh a thabhairt ar shaincheist an mhíchumais in iarrachtaí níos leithne ar bhonn náisiúnta.

x. tacú le cineálacha nuálaíocha cur chuige amhail sásraí nua cistithe agus maoinithe chun cuidiú leis an gcomhrac i gcoinne mianach.